



An  
Bord  
Pleanála

## Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal 29S.JA.0039

<b>Cás</b>	Iarratas ar Phlás Cathartha ag Faiche an Choláiste
<b>Dáta</b>	Dé Luain, 12 Márta 2018
<b>Am Tosú</b>	10.30 R.N.
<b>Áit</b>	The Ballroom, Óstán an Riu Plaza The Gresham Baile Átha Cliath, 23 Sráide Uí Chonaill, BÁC 1

### 29S.JA.0039 – Plás Cathartha ag Faiche an Cholaiste Ord na nImeachtaí ag an Éisteacht ó Bhéal

Seo a leanas a bheidh ord na n-imeachtaí:

#### Modúl A

1. Réamhrá an Chigire
2. Ord na nImeachtaí

#### Modúl B (Cur i Láthair / Aighneachtaí)

1. Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath – Forléargas ar Thionscadal (60 nóiméad ar a mhéad)
2. Freagra Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath ar aon cheist atá fós le réitiú.
3. Cuirfear cuireadh do Chomhlachtaí Forordaithe a chuir aighneachtaí chuig an Bhord aighneachtaí a dhéanamh san ord seo a leanas:
  - An tÚdarás Náistiúnta Iompair
  - Bonneagar Iompair Éireann
  - Fáilte Ireland
  - An Roinn Oideachais agus Scileanna
  - CIÉ (Dublin Bus)
4. Ionadaithe Poiblí a rinne aighneachtaí scríofa ar an Iarratas:

- Cllr. Carán Cuffe
  - Cllr. Mannix Flynn
  - Róisín Shorthall T.D
5. Cuirfear cuireadh ansin do bhreathnóirí a rinne breathnóireachtaí scríofa bailí ar an iarratas tabhairt don éisteacht san ord seo.

### **Modúl C (Croscheistiú)**

Éascófar croscheistiú ar bhunús modúlach san ord seo a leanas:

1. Comhlachtaí Forordaithe
2. Ionadaithe Poiblí
3. Breathnóirí
4. Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath

San áireamh i Modúl C, beidh:

- A. Roghanna eile a phléadh – bonn cirt atá leis an rogha roghnaithe.
- B. Comhairliúchán Poiblí agus an tréimhse dó.
- C. Trácht agus lompar: le breithniú ar mhodheolaíocht mhúnlaithe a chur san áireamh, an leordhóthanacht agus raon atá ann, tionchar ar mhodhanna iompair ar leith (Luas, bus, carr, tacsáí, rothaithe agus coisithe, srl), bealaí isteach chuig carrchlóis, fáil ar áiseanna lódála / dílódála, tionchar ar sráideanna ar leith, cosúil le Sráid na Parlaiminte, Sráid Anglesea, srl., tionchar le linn tógála, idirghníomhaíocht le córas bainistíochta tráchta beartaithe don chathair agus tiochair carnacha.
- D. Tionchair shocheacnamaíocha ar thurasóireacht – measúnú ar thionchar ar ghnóthaí agus ar fheidhmiú eacnamaíoch lár na cathrach le linn céimeanna tógála agus oibríochtúla na forbartha.
- E. Ríocht poiblí – tomhas an phláis, idirghníomhaíocht le tograí eile na ríochta poiblí, rogha bunábhar, crainn, troscán sráide, scairdeán, foráil áiseanna eile ar nós leithreas poiblí. Eagraíocht imeachtaí, bainistíocht mórthimpistí.
- F. Ceisteanna eile – nach bhfuil clúdaithe faoi na modúil eile, fuaim agus creathadh, caighdeán aeir, seandálaíocht, ailtireacht, agus oidhreacht chultúrtha san áireamh.

### **Modúl D (Coinníollacha)**

Gan chlaontacht in aghaidh thoradh an iarratais, is féidir leis an gCigire plé a stiúradh ar choinníollacha féideartha a chuirfí i bhfeidhm má thugann an Bord cead don fhorbairt (de rogha an Chigire).

## Modúl E (Aighneachtaí Deiridh)

Éistfeadh le haighneachtaí deiridh in ord cúlaitheach mar seo a leanas. Beidh 5 nóiméad an páirtí ar a mhéad do na haighneachtaí.

- Breathnóirí
  - Comhlachtaí Forordaithe
  - Ionadaithe Poiblí
  - Iarratasóir
- 

### Le tabhairt faoi deara:

Maidir le stiúradh ginearálta na héisteachta;

- Is fiú go ndéantar machnamh ar cháipéisí an iarratais agus na haighneachtaí scríofa ar fad **'mar léite'** agus ní féidir iad a chur isteach arís i rith na héisteachta.
- Beidh an cheistiú ar fad idir na páirtithe de rogha an Chigire.
- Is fiú cóipeanna de na haighneachtaí scríofa agus aon líníocht atá bainteach leis an iarratas a chur ar fáil le tabhairt amach agus 4 chóip a thabhairt don Chigire.
- Eagróidh an Bord go ndéanfar taifead ar an bhfianaise a thabharfar ag an éisteacht ó bhéal. **Ní féidir aon taifead eile a dhéanamh.**